



Ciorclán 0075/2020

**Chuig: Boird Bhainistíochta / Údaráis na nIar Bhunscoileanna Torthaí**

## **Sealadacha na nGrád Ríofa don Ardteistiméireacht Fheidhmeach Bliain 1 2020**

Tá torthaí sealadacha na ngrád ríofa den Ardteistiméireacht Fheidhmeach do Sheisiún 2 agus na Scrúduithe Deiridh do scoláirí Bhliain 1 faoi iamh.

Tá na doiciméid faoi iamh leis an gclár seo mar seo a leanas:

- Ráiteas sealadach de thorthaí na ngrád ríofa do gach scoláire
- Mairtís a léiríonn na torthaí ríofa le haghaidh gach scoláire

### **1. TORTHAÍ**

Tá ráiteas sealadach de thorthaí na ngrád ríofa faoi iamh le haghaidh gach scoláire. Ba chóir mairtís a thaispeánann na torthaí do gach scoláire le haghaidh Sheisiún 2 a choinneáil sa scoil. Tá eochair eolais curtha ar fáil ar chúl gach leathanaigh den mairtís phriontáilte le míniú a thabhairt ar chóid na n-ábhar agus teorainneacha na ngrád.

### **2. STÁDAS SEALADACH NA DTORTHAÍ – RIACHTANAS GO NDÉANFAIDH ÚDARÁS NA SCOILE IAD A SHEICEÁIL**

Is torthaí sealadacha iad seo agus tá siad faoi réir seiceála breise a dhéanamh orthu. Iarrtar ar údaráis scoileanna scrúdú a dhéanamh ar na foirmeacha go cúramach sula dtugtar na torthaí do na scoláirí agus a chur in iúl d'Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa, An Roinn Oideachais (ROS) láithreach bonn más cosúil go bhfuil neamhréir iontu.

Tá sé rithábachtach an t-iarratas seo a chomhlíonadh gan aon mhoill.

### **3. AINM AGUS DÁTA BREITHE**

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna go mbeidh an tAinm agus Dáta Breithe a thaispeántar ar Fhoirm na dTorthaí ar taispeánt níos déanaí ar Dheimhniú na dTorthaí freisin ach amháin má chuirtear in iúl don Roinn faoi mhíchruinnis. Ba chóir na sonraí seo a chinntiú go cúramach agus ba chóir a chur in iúl don Roinn i scríbhinn má bhíonn aon athruithe ag teastáil.

## 4. IARRATAIS AR ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR THORTHÁÍ (ACHOMHAIRC)

Beidh fáil ag scoláirí nach bhfuil sásta leis an ngrád a bhain siad amach ar phróiseas achomharc. Is próiseas riaracháin a bheidh i gceist leis an bpróiseas achomharc agus ní bheidh scoláirí in ann achomharc a dhéanamh i gcoinne an eolais a chuir an scoil ar fáil ar a son mar go raibh siad seo cheana féin faoi réir próisis aillnithe ionscoile agus maoirseachta ag príomhoide na scoile.

Céim 1: Déanfar seiceálacha lena chinntiú go ndearna an scoil an t-eolas a bhí beartaithe a thairfeadh i gceart agus go ndearnadh an t-eolas a aistriú i gceart ó na foirmeacha go dtí an córas bailiúcháin sonraí.

Céim 2: Beidh athbhreithniú ann lena chinntiú gur glacadh leis na sonraí agus gur próiseáladh mar ba cheart iad tríd an bpróiseas caighdeánaithe náisiúnta atá á réachtáil ag an Roinn.

San áireamh sna seiceálacha ar shonraí, beidh seiceáil lena chinntiú gur coinníodh rang-ord an rang-ghrúpa don ábhar agus don leibhéal sa phróiseas caighdeánaithe agus go bhfuil scoláirí ar chuir an scoil ar an marc scoilmheasta céanna san ábhar céanna ag an leibhéal céanna iad ag fáil an mhairc céanna a bhronn an Roinn orthu.

Féadfaidh scoláirí nach bhfuil sásta le toradh an phróisis achomharc athbhreithniú breise a lorg ó Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomhairc.

Tabharfar aghaidh ar Chéim 1 agus ar Chéim 2 ag leanúint ó chéad iarratas an scoláire. Is próiseas ar leith a bheidh i gCéim 3 ar féidir le scoláire ar bith nach bhfuil sásta le toradh an chéad achomhairc, tabhairt faoi.

Féadfaidh scoláirí a mhothaíonn nár próiseáladh a gcás i gceart gearán a dhéanamh leis an Ombudsman, nó i gcás scoláirí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, leis an Ombudsman do Leanaí.

Ní ghlacfar le hiarratais ach amháin ó Údarás Scoile (i.e. an Bainisteoir, Príomhoide nó ionadaí údaráithe), nach mór a dheimhniú go bhfuil difríocht shuntasach idir toradh an scrúdaithe agus breithiúnas measta na scoile d'fheidhmíocht an scoláire lena mbaineann sa scrúdú atá i gceist. Ba chóir an fhoirm iarratais ar achomharc iniata leis seo a chur ar ais ionas go sroichfidh sí Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) faoi 5p.m. Déardaoin an 12<sup>ú</sup> Samhain, 2020.

## 5. Scoláire Scrúduithe na hArdteistiméireachta

Beidh an deis ag gach scoláire Scrúduithe na hArdteistiméireachta a bhí curtha ar athlá a dhéanamh atá beartaithe le tosú ar an 16<sup>ú</sup> Samhain ag brath ar chomhairle sláinte phoiblí. Cuir ríomhphost chuig [LCExams2020@examinations.ie](mailto:LCExams2020@examinations.ie) más mian leat scrúduithe bhliain 1 ATF a cuireadh ar athlá a dhéanamh faoi 5p.m. Déardaoin an 12<sup>ú</sup> Samhain, 2020.

## 6. SCRÚDANÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA ACHOMHARC

Tar éis an próiseas athbhreithnithe a chur i gcrích is féidir le scoláire, más mian leis/léi, deimhniú foirmiúil a fháil ó Scrúdanóir Neamhspleách Achomharc gur comhlíonadh na próisis achomhairc uile i gceart. San fhógra faoi thoradh an phróisis achomharc a bheidh ann go luath i mí na Nollag leagfar amach freisin an nós imeachta atá le leanúint i gcás aon scoláire ar mian leis/léi iarratas a dhéanamh chuig Scrúdanóir Achomhairc.

7.

Go ginearálta, ba chóir aon ábhair a tharraingíonn iarrthóirí nó a dtuismitheoirí anuas, ina bhfuil gá le teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún, a phróiseáil trí údarás na scoile lena mbaineann. Mar sin féin, iarrthóirí aonair nó a dtuismitheoirí ar mian leo teagmháil a dhéanamh leis an CSS go díreach maidir le Scrúdú na hArdteistiméireachta Feidhmí, moltar dóibh úsáid a bhaint as uimhreacha an CSS seo a leanas: (090) 644 2727 nó 644 2737 nó (090)-644 2700 (lasc-chlár CSS).

